AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.11.2024
COM(2024) 535 final

ANNEXES 1 to 2

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh agus i mBord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh (Vín, an Ostair, an 12 Nollaig 2024 agus an Aithin, an Ghréig, an 10 Nollaig 2024)

IARSCRÍBHINN 1

Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh

CINNTÍ FAOI AIRTEAGAL 91(1)(A) DEN CHONRADH LENA mBUNAÍTEAR AN COMHPHOBAL FUINNIMH LENA SUITEAR GUR ANN DO SHÁRÚ AR AN gCONRADH SIN SNA CÁSANNA SEO A LEANAS:

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh na dréacht-Chinntí ón gComhairle Aireachta faoi Airteagal 91(1)(a) de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh a fhormheas, ar choinníoll go dtugann Coiste Comhairleach an Chomhphobail Fuinnimh réamhthuairim go tráthúil lena dtacaítear le torthaí Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh lena suitear gur ann do shárú sna cásanna seo a leanas:

(a) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na hAlbáine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-5/24;

(b) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-6/24;

(c) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-7/24;

(d) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Cosaive[*] Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-8/24;

(e) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Moldóive Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-9/24;

(f) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain Mhontainéagró Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-10/21;

(g) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Macadóine Thuaidh Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-11/24;

(h) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seirbia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-12/24;

(i) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na hÚcráine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-13/24;

(j) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-14/24;

(k) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-15/24;

(l) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Cosaive* Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-16/24;

(m) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Moldóive Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-17/24;

[*] Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

(n) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain Mhontainéagró Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-18/21;

(o) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-19/24;

(p) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-20/24;

(q) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Macadóine Thuaidh Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-21/24;

(r) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seirbia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-22/24;

(s) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na hAlbáine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-23/24;

(t) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-24/24;

(u) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seoirsia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-25/24;

(v) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Cosaive* Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-26/24;

(w) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Moldóive Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-27/24;

(x) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain Mhontainéagró Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-28/21;

(y) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Macadóine Thuaidh Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-29/24;

(z) Cinneadh 2024/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Seirbia Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-2/21.

CEAPADH CHOMHALTAÍ AN CHOISTE COMHAIRLIGH ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR A FHADÚ AGUS COMHALTAÍ NUA A CHEAPADH

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta sainorduithe beirt chomhaltaí den Choiste Comhairleach a fhadú agus triúr comhaltaí nua a cheapadh go dtí an 31 Nollaig 2028.

CINNEADH D/2024/XX/MC-EnC MAIDIR LE hURSCAOILEADH AIRGEADAIS STIÚRTHÓIR RÚNAÍOCHT AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta an dréacht-Chinneadh seo a leanas ón gComhairle Aireachta maidir le hUrscaoileadh Airgeadais Stiúrthóir Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a fhormheas:

Cinneadh ó Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh

D/2024/XX/MC-EnC: MAIDIR LE hURSCAOILEADH STIÚRTHÓIR NA RÚNAÍOCHTA

Tá Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh,

Ag féachaint do Ghníomh Nós Imeachta 2024/06/MC-EnC a glacadh an 19 Feabhra 2024 lena mbunaítear Nósanna Imeachta an Chomhphobail Fuinnimh maidir le Bunú agus Cur Chun Feidhme Buiséid, Iniúchta agus Cigireachta, go háirithe Airteagal 83 de,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar an Tuarascáil maidir leis an Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais an Chomhphobail Fuinnimh le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023 chomh maith le ráiteas urrúis na n-iniúchóirí,

Agus barúlacha an Choiste um an mBuiséad agus an tuarascáil ábhartha á gcur san áireamh,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Déanfar an Stiúrthóir reatha, Artur Lorkowski ón Rúnaíocht, a urscaoileadh óna fhreagracht bainistíochta agus riaracháin i ndáil leis an mbuiséad le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Thar ceann na Comhairle Aireachta

IARSCRÍBHINN 2

Bord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh

GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2024/01/ECRB-EnC LENA LEASAÍTEAR AGUS LENA n-IONADAÍTEAR GNÍOMH NÓS IMEACHTA 2019/01/ECRB-EnC MAIDIR LE RIALACHA NÓS IMEACHTA INMHEÁNACHA BHORD RIALÁLA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Aireachta formheas a dhéanamh ar an nGníomh Nós Imeachta lena leasaítear agus lena n-ionadaítear an Gníomh Nós Imeachta maidir le Rialacha Nós Imeachta Inmheánacha Bhord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh:

Gníomh Nós Imeachta Uimh. 1/2024 ó Bhord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh

2024/01/ECRB-EnC an xx XX 2024 lena leasaítear agus lena n-ionadaítear Gníomh Nós Imeachta 2019/01/ECRB-EnC

TÁ BORD RIÁLÁLA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh (dá ngairtear ‘Conradh an Chomhphobail Fuinnimh’ anseo feasta) agus go háirithe Airteagail 60, 86 agus 87 de,

Ag féachaint don togra, a rinne Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh,

Ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 82 agus 83 de Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh,

Ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 13.3 de Rialacha Nós Imeachta Inmheánacha Bhord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh, Gníomh Nós Imeachta Uimh. 01/2007 arna leasú le Gníomhartha Nós Imeachta 2009/01, 2012/01, 2013/02, 2015/01 agus 2019/01.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Glactar leis seo Gníomh Nós Imeachta Uimh. 2024/01/ECRB-EnC lena leasaítear agus lena n-ionadaítear Rialacha Nós Imeachta Inmheánacha Bhord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh mar a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nGníomh seo.

Airteagal 2

Tá an Gníomh Nós Imeachta seo dírithe ar chomhaltaí Bhord Rialála an Chomhphobail Fuinnimh.

Airteagal 3

Cuirfidh Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh an Gníomh Nós Imeachta seo agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis ar fáil do na Páirtithe agus do na hinstitiúidí uile faoi Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh laistigh de 7 lá tar éis a ghlactha.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Gníomh Nós Imeachta seo i bhfeidhm tráth a ghlactha.

Arna dhéanamh an XXX

Thar ceann an Bhoird Rialála

An tUachtarán